Coláiste Gaoth Dobhair/Chú Chulainn
Gaoth Dobhair
Contae Dhún na nGall

Polasaí i leith na Gaeilge

Is í an Ghaeilge teanga an choláiste. Iarrtar ar gach scoláire/mac léinn a dhícheall a dhéanamh í a labhairt i dtimpeallacht an Chólaiste, sna tithe lóistín agus le linn imeachtaí oifigiúla.

Tabharfaidh foireann an choláiste, idir cheannairí, mhúinteoirí, mhná tí agus chúntóirí, tacaíocht iomlán do scoláirí/mhic léinn chun barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge agus beifear ag súil le comhoibriú iomlán ó gach mac léinn chun an cuspóir seo a bhaint amach.

Is ceantar láidir Gaeltachta é Gaoth Dobhair a bhfuil saibhreas Gaeilge go flúirseach ann. Tá an Ghaeilge beo beathach i nGaoth Dobhair agus tugann sé seo deis iontach do scoláirí/mhic léinn í a labhairt agus a chleachtadh ó thús go deireadh an chúrsa.

Beatha teanga í a labhairt!